# Ráiteas Cosanta Sonraí

## An Fóram um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair (FCDF)

Is mór linn do phríobháideachas, agus táimid iomlán tiomanta do do chuid faisnéise pearsanta a choinneáil sábháilte. Is é atá beartaithe leis an ráiteas príobháideachais seo ná tú a chur ar an eolas faoin bhfaisnéis phearsanta a bhailímid mar gheall ort agus faoin gcaoi a ndéantar an fhaisnéis sin a úsáid agus a chomhroinnt. Tá leagtha amach ann freisin do chearta príobháideachais. Tóg nóiméad chun eolas a chur ar ár gcuid cleachtas príobháideachais le go mbeidh tú iomlán eolach ar an gcaoi agus ar an bhfáth a n-úsáidimid do chuid sonraí pearsanta.

### 1. Rialaitheoir Sonraí

Is Rialaitheoir Sonraí é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an "Roinn") don Fhóram um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair (FCDF).

Ciallaíonn sé sin go mbíonn freagrachtaí áirithe orainn agus muid ag próiseáil nó ag "úsáid" do chuid Sonraí Pearsanta. Mar chuid de na freagrachtaí seo, caithfimid eolas a chur ar fáil duitse mar gheall ar do chuid sonraí pearsanta. Tá an t-eolas seo leagtha amach sa Ráiteas Cosanta Sonraí seo.

### 2. Ár nOifigeach Cosanta Sonraí

Tá **Oifigeach Cosanta Sonraí** ceaptha againn, Ms Celyna Coughlan agus is féidir teagmháil a dhéanamh léi má bhíonn aon cheist agat faoin ráiteas cosanta príobháideachais seo, ár gcuid cleachtas príobháideachais nó más mian leat do chearta príobháideachais a chur i bhfeidhm. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí trí ríomhphost ag: dataprotection@enterprise.gov.ie. Is mór linn do

chuid tuairimí. Má bhíonn aon cheisteanna agat nó más mian leat tuairim a nochtadh faoin ráiteas príobháideachais seo, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh linn ag: dataprotection@enterprise.gov.ie.

### 3. Céard é an Fóram um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair?

Bhunaigh an Rialtas Fóram um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair (FCDF) chun tacú leis an rialtas digitiú na fiontraíochta a chur chun cinn ar fud na hÉireann i mí na Bealtaine, 2022. Cuimsíonn an FCDF ionadaithe de chuid fiontair dhúchasacha de gach méid, fiontair ilnáisiúnta, agus saineolaithe ar na teicneolaíochtaí digiteacha agus ar a n-úsáid i measc fiontar. Is ionann an Fóram agus foras dírithe don Rialtas óna bhféadann sé tuairimí agus dearcthaí lucht fiontraíochta agus saineolaithe a fháil.

Beidh obair an FCDF mar thaca agus mar bhonn eolais freisin faoi fhorbairt na ngnéithe fiontraíochta de Straitéis Dhigiteach Náisiúnta fhoriomlán.

### 4. Faisnéis a d'fhéadfaimis a fháil i dtaca leis an Fhóram um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair

I gcomhthéacs an Fhóraim seo um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair, gheobhaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faisnéis arna cur ar fáil agatsa mar chuid den phróiseas léirithe spéise chun teacht ar bord an FCDF. Má roghnaítear thú le teacht ar bord an FCDF, bainfimid feidhm as an bhfaisnéis seo freisin chun teagmháil a dhéanamh leat i gcomhthéacs obair an FCDF lena n-áireofaí, mar shampla, chun tú a chur ar an eolas faoi chruinnithe a bheadh sceidealaithe agus ceisteanna ábhartha eile a bhaineann le hobair an FCDF. Ar na sonraí pearsanta seo, beidh faisnéis amhail d'**ainm, do chuid sonraí teagmhála, do sheoladh ríomhphoist, teideal poist, agus ainm d'fhostóra/d'eagraíochta.**

Tá an fáth a bhfaighimid an fhaisnéis seo leagtha amach i bParagraf 5 thíos.

### 5. Cén fáth a bhfuilimid ag úsáid do shonraí pearsanta?

Bainfimid feidhm as do chuid sonraí pearsanta chun cumarsáid a dhéanamh leat i dtaca le do léiriú spéise i gcomhthéacs comhaltaí a roghnú le suí ar an FCDF. Bainfear

feidhm as na sonraí a sholáthróidh tú chun oiriúnacht le haghaidh ballraíocht ar an FCDF a mheas. Lena ligean di iarrthóirí a roghnú ón bpróiseas léirithe spéise agus chun teagmhálacha leantacha a dhéanamh i dtaca le cruinnithe agus obair an FCDF, ní mór don Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil de réir mar atá leagtha amach i bParagraf 4 thuas. Is chun na críche seo a dhéanfaidh an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil nó a "úsáid".

## 6. Céard é an bunús dlí atá againn chun do chuid sonraí pearsanta a úsáid?

Tá ceanglas orainn, faoin dlí cosanta sonraí, tú a chur ar an eolas faoin mbunús dlíthiúil a bhaineann leis an úsáid a bhainimid as do chuid sonraí pearsanta. Mar atá (de réir mar is cuí):

1. Alt 6(1)(a) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) - tá an duine is ábhar do na sonraí **tar éis toiliú a thabhairt** le go ndéanfaí a chuid nó a cuid sonraí pearsanta a phróiseáil **ar chúis shainiúil amháin nó ar chúiseanna sainiúla**.

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aird gur féidir leat do thoiliú a aistarraingt in am ar bith trí ríomhphost a chur chugainn ag digitaleconomy@enterprise.gov.ie

Ba cheart go mbeadh a fhios agat, áfach, sa chás ina ndéanfá do thoiliú a aistarraingt, nach mbeimid in ann teagmháil a dhéanamh leat i dtaca leis an FCDF, agus, dá réir, go bhféadfadh sé do dtiocfadh deireadh le do bhallraíocht san FCDF.

## 7. Cé acu a mbíonn rochtain ar na sonraí?

Baill foirne sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá freagrach as an rúnaíocht a chur ar fáil chun tacú leis an bhFóram um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair.

Is oifigigh de chuid na Roinne Fiontar Trádála agus Fostaíochta a thabharfaidh faoi phróiseáil na sonraí pearsanta chun comhaltaí a roghnú le teacht ar bord an FCDF de bhun phróiseas léirithe spéise agus chun críche gach teagmhála leantaí agus cumarsáide le comhaltaí roghnaithe i gcomhthéacs an FCDF, a chuid cruinnithe agus a chuid oibre.

D'fhéadfadh sé freisin go ndéanfaimis do chuid sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla, rialáil iomchuí nó iarratais dhlíthiúla eile a chomhlíonadh.

## 8. Stóráil agus coinneáil sonraí

Déanann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta do chuid sonraí pearsanta a stóráil go slán agus ní choimeádfaidh ná ní úsáidfidh sí do chuid sonraí pearsanta ar feadh tréimhse ab fhaide ná mar is gá.

Caithfidh an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta leis na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil go slán, go ceann tréimhse de **Dhá Bhliain.**

Scriosfar na sonraí pearsanta seo go slán i gcomhréir lenár gcuid próiseas bainistithe taifead ar scor an FCDF.

## 9. Aistrithe Idirnáisiúnta

Ní dhéanaimid do chuid sonraí pearsanta a aistriú amach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEA).

## 10. Do Chearta Sonraí

Tá cearta áirithe agat faoin dlí cosanta sonraí i dtaca leis an gcaoi a n-úsáidimid do chuid sonraí pearsanta. Tá sé de cheart agat, saor in aisce:

- **Cóip** den fhaisnéis phearsanta a choimeádaimid mar gheall ort a iarraidh. Is féidir é seo a dhéanamh trí fhoirm Iarratas Rochtana Sonraí (IRS) a chomhlánú. Tá cóip den fhoirm ar fáil anseo.
- Aon sonraí pearsanta **míchruinne** a choimeádaimid mar gheall ort ***a cheartú**. Más amhlaidh go bhfuil do shonraí pearsanta easnamhach, tá sé de

cheart agat go ndéanfaí na sonraí a chomhlánú, lena n-áireofaí trí fhaisnéis bhreise a chur ar fáil.

- **Srian** a chur le próiseáil do chuid sonraí pearsanta faoi chúinsí teoranta áirithe (m.sh. má thóg tú ceist faoi chruinneas do shonraí pearsanta, go ceann tréimhse, lena chur ar ár gcumas cruinneas a dheimhniú).
- Gan a bheith faoi réir cinneadh a bheadh bunaithe ar **phróiseáil uathoibrithe** ach amháin sa chás ina mbeadh tionchar dlíthiúil ag an gcinneadh sin ort nó ina mbeadh tionchar suntasach eile aige ort. Ní dhéanaimid cinntí uathoibrithe den chineál seo.

D'fhéadfadh sé go nglacfaimis céimeanna chun do shonraí aitheantais a dheimhniú. Déanfaimid é seo trí thagairt a dhéanamh do chóipeanna de cháipéisí aitheantais inghlactha arna gcur ar fáil agatsa.

## 11. Gearán a dhéanamh

Ar an gcéas ásc, d'iarrfaimis ort **teagmháil dhíreach** a dhéanamh linn má tá aon bhuarthaí ort faoin mbealach a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil. Is féidir é seo a dhéanamh trí ríomhphost a chur chugainn ag: dataprotection@enterprise.gov.ie.

Is féidir leat, freisin Gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) má tá aon bhuarthaí ort faoin mbealach a ndéanaimid do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil.

## 12. Athruithe ar an ráiteas príobháideachais seo

D'fhéadfadh sé go ndéanfaimis an ráiteas príobháideachais seo a nuashonrú ó am go ham. Má dhéanaimid athruithe, cuirfimid tú ar an eolas sula dtiocfaidh na hathruithe seo i bhfeidhm trí ráiteas a phostáil ar ár suíomh gréasáin.

**Meitheamh 2023**